




Scoil an Leighis

# CLÁR UM DHEONÚ ANATAMAÍOCHTA

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland






University College Cork
School of Medicine

Department of Anatomy & Neuroscience
University College Cork

Scoil an Leighis

# CLÁR UM DHEONÚ ANATAMAÍOCHTA

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland



Go raibh maith agat as suim a léiriú i do chorp a dheonú do Choláiste na hOllscoile Corcaigh.

Gníomh flathúil is ea é do chorp a dheonú agus tá sé riachtanach do staidéar anatamaíocht an duine. Nuair a dhéanann siad é seo, cuireann deontóirí leis an oiliúint a chuirfear ar an gcéad ghlúin eile de chleachóirí leighis agus d'eolaithe.

Cuireann an Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais oideachas anatamaíochta ar fáil do níos mó ná 600 mac léinn a thugann faoina ngairmeacha beatha gach bliain. Mic léinn le leigheas agus le fiaclóireacht iad seo den chuid is mó ach múinimid mic léinn le néareolaíocht, le haltranas agus le cúram sláinte comhghaolmhar chomh maith. Ina theannta sin, cuirimid oiliúint ar fáil do chleachtóirí cúraim sláinte ar nós dochtúirí agus máinlianna ar bhonn leanúnach.

An chloch is mó ar ár bpaidrín ná dínit ár ndeontóirí le linn an phróisis iomláin a bhaineann le deonú coirp. Pléifear le fiosruithe agus le deonuithe

ar bhonn íogair, discréideach agus gairmiúil. Coimeádtar gach eolas faoi rún daingean.

Mar chomhartha aitheantais do dheontóirí déanacha agus mar chomhartha buíochas leo, reáchtálann an Roinn Seirbhís Bhuíochais i Séipéal Uí Eoghanáin, COC gach dhá bhliain. Seasann dealbh choimisiúnaithe speisialta leis an ealaíontóir Alexandra Wejchert (1921-1995) ag doras na Roinne Anatmaíochta agus Eolaíochta Néarchórais. Tá “Flame” mar theideal uirthi agus seasann sí do lasair an eolais a bheireann sinn go dtí solas na tuisceana.

Mar Ollamh le hAnatamaíocht agus thar ceann mo chomhghleacaithe go léir agus phobal na hOllscoile, is mian liom ár bhfíorbhuíochas a chur in iúl dár ndeontóirí uile agus a dteaghlach as a gcuid tacaíochta.

An tOllamh John F. Cryan,
Ollamh le hAnatamaíocht,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Department of Anatomy & Neuroscience
University College Cork



**Cad é an nós imeachta maidir le deonú?**

Léigh an leabhrán seo go cúramach, agus más suim leat do chorp a dheonú don Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, líon isteach an fhoirm toilithe faoi iamh. Seol an fhoirm bhunaidh ar ais go dtí an Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais. Ba cheart cóip den fhoirm dheonaithe a thabhairt do do neasghaol nó do dhuine eile a bhfuil muinín agat as agus a bheadh sásta a bheith freagrach as seo.

Tá an roinn faoin eolas leighis roghnach ach tá sé úsáideach dúinne eolas éigin a bheith againn ar do stair leighis. Is féidir pé méid sonraí a thabhairt agus a theastaíonn uait.

## Cad chuige a n-úsáidtear na coirp a dheonaítear?

### Scrúdú Anatamaíochta:

Ar mhaithe leis an teagasc a úsáidtear an chuid is mó de na coirp. Slí an-úsáideach chun anatamaíocht a fhoghlaim is ea an staidéar a dhéantar ar fhíorchoirp i measc na mac léinn leighis, fiaclóireachta, néareolaíochta agus cúraim sláinte eile.

### Oideachas, oiliúint agus forbairt phearsanta:

Téann sé go mór chun tairbhe do chleachtóirí leighis cáilithe má thugtar an deis dóibh a gcuid scileanna máinliachta agus leighis a fhorbairt de réir mar atá siad ag dul ar aghaidh ina ngairmeacha beatha. Reáchtálann an Roinn mórchuid cúrsaí a chabhraíonn chun eolas máinliachta a chur chun cinn agus chun teicnicí a fhorbairt a fheabhsóidh an chóireáil a thabharfar d'othair.

### Taighde maidir le neamhoird i gcorp an duine:

D'fhéadfaí do chorp a úsáid ar mhaithe leis an taighde chun tuiscint a fháil ar an mbunús bitheolaíochta ata ag galair chasta agus chun cóireálacha nua a aimsiú.





**An fada a choimeádfaidh an Ollscoil mo chorp?**

Ar an bhfoirm toilithe, roghnóidh tú an méid ama ar mhian leat go bhfanfaidh do chorp in COC. Tá dhá rogha ann:

**Rogha 1 – Deonú Fadtéarmach:** Fanfaidh do chorp sa Roinn ar feadh tréimhse nach bhfuil cinnte. Ní bhfaighidh an neasghaol aon taisí.

**Rogha 2 – Deonú Trí Bliana:** Fanfaidh do chorp sa Roinn ar feadh trí bliana ar a mhéid agus ina dhiaidh sin tabharfar do thaisí do do neasghaol. Má roghnaíonn tú seo, is feidir leat a shocrú go gcoimeádfar ball nó baill de do chorp ar mhaithe leis an teagasc. Coimeádfaidh an Roinn na baill seo ar feadh tréimhse nach bhfuil cinnte agus ní thabharfar ar ais iad do do neasghaol.
Is féidir an tréimhse staidéir a bheith idir 8 seachtaine agus iomlán na dtrí bliana. Ní féidir an tréimhse chruinn a thuar d'aon duine roimh ré.

**Cad iad na sonraí eile a theastaíonn ar an bhfoirm toilithe?**

Anuas ar an ngnátheolas pearsanta agus an stair leighis roghnach, iarrfar do chead ort íomhánna a ghlacadh de do thaisí. D'úsáidfí na híomhánna seo sa teagasc agus d'fhéadfaí iad a chur i bpáipéir thaighde. Ní ghlacfar íomhánna ach amháin le do lánchead. Ní bheifear in ann thú a aithint sna híomhánna seo agus ní úsáidfear riamh iad ar bhonn ginearálta poiblí.

Iarraimid ort cinneadh a dhéanamh ag an bpointe seo mar gheall ar do thaisí ag deireadh na tréimhse staidéir. Is féidir le deontóirí a rogha a dhéanamh astu seo leanas:

**Créamadh.** Má roghnaíonn tú créamadh, sorcóidh an Ollscoil do thaisí a iompar go dtí Créamatóiriam an Oileáin Bhig, Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí mar aon leis an duine a dhéanfaidh an searmanas ann agus aon ní eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Tabharfar an luaithreach don neasghaol i gcoimeádán caighdeánach. Is féidir le teaghlaigh prócaí ornáideacha a cheannach más mian leo.

**Adhlacadh i láthair uaighe COC.** Tá láthair uaighe ag an Ollscoil i Reilig Churrach Cheapáin, Co. Chorcaí. Más mian leat a bheith curtha i láthair uaighe COC, socróidh an Ollscoil go n-aistreofar do thaisí go dtí an reilig mar aon leis an duine a dhéanfaidh an searmanas ann agus aon ní eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ní chuireann an Ollscoil leaca uaighe ar fáil ach is féidir le teaghlaigh iarratais a dhéanmh chun leac uaighe a chur isteach más mian leo.

**Adhlacadh i láthair uaighe phríobháideach.** Más mian leat a bheith curtha i láthair uaighe phríobháideach, socróidh an Ollscoil go n-aistreofar do thaisí go dtí an reilig. Clúdóidh d'eastát nó do neasghaol na costais eile.



**Cad é an nós imeachta tar éis mo bháis?**

Ba cheart do bhall an teaghlaigh/neasghaol, nó duine ar nós dochtúra nó altra, an Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais a chur ar an eolas mar gheall ar an mbás chomh luath agus is féidir. D'fhéadfadh do chairde nó do theaghlach sochraid a eagrú, ach tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh an Ollscoil do chorp laistigh de 48 u.a.c. tar éis do bháis. Is féidir na sonraí teagmhála a aimsiú ar chúl an leabhráin seo.

Is gá go mbeidh gnáthchónra adhmaid ag gach deontóir. Tá neasghaol/eastát an deontóra freagrach as an gcónra seo a chur ar fáil agus as aon seirbhísí cráifeacha nó saolta a reáchtálfar. Beidh an chónra sa stóras le linn na tréimhse staidéir agus curifear do thaisí ar ais sa chónra chéanna nuair a chuirfear nó nuair a chréamfar do chorp.

Déanfaidh an Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais na socruithe maidir le do chorp a aistriú go dtí an Ollscoil.

Ó am go ham, bímid sásta glacadh le coirp lasmuigh de Chúige Mumhan, mar shampla, dá mbeadh daoine tar éis aistriú tí ó rinne siad an cinneadh a bheith mar dheontóirí. Sna cásanna seo, is iad teaghlaigh na marbh a dhéanfaidh na costais bhreise iompair a chlúdach.

**Cad a tharlóidh do mo thaisí ar deireadh?**


**Deonú Fadtéarmach:** Má roghnaíonn tú deonú fadtéarmach, coimeádfaidh an Roinn do chorp go ceann tréimhse ama nach mbeidh srianta. Ní thabharfar aon taisí do do neasghaol. Créamfar iad ag dáta éigin amach anseo agus cuirfear iad i láthair uaighe na hOllscoile. Ní chuirfear nasghaol/gaolta ar an eolas mar gheall ar an gcréamadh, agus ní bheidh aon uaigh ar leith chun cuairt a thabhairt uirthi.

**Deonú Trí Bliana:** Gheobhaidh na neasghaolta litir laistigh de thrí bliana ag cur in iúl dóibh go bhfuil do chorp ullamh le bheith scaoilte chucu. Ansin is féidir leo dáta oiriúnach a roghnú d'adhlacadh nó do chréamadh do thaisí de réir mar a bheidh roghnaithe agatsa ar d'fhoirm toilithe. Beidh fáilte roimh ghaolta agus cairde freastal ar an adhlacadh nó ar an gcréamadh.

I ngach cás, beag beann ar fhad na tréimhse staidéir, coimeádfar do chónra i stóras i rith an ama seo, agus cuirfear do thaisí thar n-ais sa chónra seo le hiad a adhlacadh nó a chréamadh.

Nuair a bheidh an corp faighte ag an Ollscoil ní bheifear in ann é a fheiceáil i gcúinse ar bith.





**An bhfuil sé cinnte go nglacfaidh COC le mo chorp?**

Is oth linn a rá nach féidir glacadh i gcónaí le coirp deontóirí. Ag uair an bháis b'fhéidir nach mbeadh do chorp oiriúnach de dheasca cúinsí leighis. Moltar duitse agus do do neasghaol socruithe eile a bheith déanta sa chás go dtarlódh a leithéid.

Ar na cúiseanna nach nglacfar le corp tá:

- Deonú orgán
- Scrúdú iarbháis/ uatóipse
- Níos mó ná 48 u.a.c. ó tharla an bás
- Galair fola cosúil le VEID agus Heipitíteas, nó ionfhabhtuithe frithsheasmhacha in aghaidh drugaí ar nós *C. Difficile* nó CRE
- Obráid le fíordhéanaí
- Go mór faoi bhun an ghnáthmheáchain nó i bhfad róthrom

Ní mór duit a bheith níos mó ná 18 chun do chorp a dheonú ach níl aon uasteorainn aoise againn.

**Cad a chaithfidh mé a dhéanamh chun clárú mar dheontóir coirp?**

Má tá tú sásta dul ar aghaidh leis an bpróiseas deonaithe, líon isteach an fhoirm toilithe faoi iamh agus seol ar ais í chuig an Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais tríd an bpost. Cuirfimid in iúl duit go bhfuil d'fhoirm chomhlánaithe faighte againn i scríbhinn.

Ní mór d'fhinné amháin agus don deontóir coirp an fhoirm a shíniú (ní féidir le duine eile í a shíniú ar a shon). Déanfaidh an finné teagmháil leis an Ollscoil ag tráth do bháis agus nuair a bheidh do thaisí ullamh le créamadh nó le hadhlacadh. Ní foláir do dheontóirí agus d'fhinnéithe a bheith 18 nó osa chionn.

Ní féidir linn glacadh le treoracha ó bhéal nó treoracha in uacht mar thoiliú le deonú coirp.

Má thagann athrú intinne ort, is féidir do thoiliú a chur ar ceal uair ar bith ach scríobh chuig an Roinn á chur in iúl. Má thagann athrú ar do shonraí teagmhála nó ar shonraí d'fhinné, níl le déanamh ach an t-eolas nua a sheoladh i scríbhinn agus leasóidh an Roinn do chomhad.

Molaimid do dheontóirí uile an cinneadh atá déanta acu a phlé lena gcairde agus lena ngaolta. Is cabhair é seo chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil tuiscint ag teaghlaigh ar an bpróiseas agus go ndéanfar de réir do mhianta.



# Dealbh Lasrach

Cuimhníonn idir mhic léinn agus bhaill foirne ar fhlaithiúlacht na ndeontóirí gach lá agus iad ag siúl thar an dealbh ‘Flame’ a coimisiúnaíodh go speisialta sa Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais.

Tagann an saothar teibí seo i bhfoirm lasrach ó lámha Alexandra Wejchert agus seasann sé do lasair an eolais a bheireann sinn go dtí solas na tuisceana.

Tá lógó na Roinne ar an Lasair rud a thugann le fios gur féidir leis an Roinn tabhairt faoin obair seo mar thoradh ar fhlaithiúlacht na ndeontóirí.

Sa lógó seo tá an lasair ceangailte le néarshnáithín a sheasann do theagasc agus obair taighde na Roinne.

Department of Anatomy & Neuroscience
University College Cork

# Seirbhís Bhuíochais

Bhí an chéad Seirbhís Bhuíochais ag an Roinn i Séipéal Uí Eoghanáin sa bhliain 2012 mar chomhartha ómóis dá ndeontóirí anatamaíochta uile ón mbliain 1849.

Ó shin i leith, tugtar cuireadh gach dhá bhliain do theaghlaigh na ndeontóirí a créamadh nó a adhlacadh le déanaí teacht le chéile le baill forne agus mic léinn ó Scoil an Leighis i searmanas neamh-shainchreidmheach ina bhfuil léachtaí, ceol agus lón machnaimh a bheidh mar chomóradh ar na deontóirí flaithiúla agus a dteaghlaigh agus mar chomhartha buiochais dóibh.

Beidh deis ag teaghlaigh, cairde agus baill foirne a bheidh i láthair ag an searmanas bualadh lena chéile ina dhiaidh agus cuimhneamh ar a ndaoine muinteartha le cupán tae no caifé i Seomra Coiteann na Foirne.







# Ráiteas faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Aon eolas pearsanta a roinnfidh tú leis an Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais pléifear leis ag leibhéal ard slándála agus go hiomlán faoi rún, agus beidh sé faoi réir ag reachtaíocht Éireannach agus Eorpach madir le Cosaint Sonraí agus ag na cóid eitice agus cleachtais de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn.

**Bonn Dlíthiúil chun do Shonraí a Phróiseáil**

D'fhonn an clár um dheonú anatamaíochta a riaradh, ní foláir dúinn eolas pearsanta fút féin agus faoi d'fhinné, agus uaireanta eolas faoi do shláinte, a bhailiú agus a choimeád.

Ní iarrfaimid ort ach an t-eolas atá riachtanach agus sin an méid a choimeádfaimid. Míneoimid an chúis le gach píosa eolais a iarraimid ort sa chás nach mbeidh tú cinnte faoi.

Tá srian ar an rochtain ar thaifid deontóirí chun deimhin a dhéanamh de nach n-úsáidfear iad ach sa mhéid a theastaíonn le go gcomhlíonfaidh an riarthóir agus an fhoireann theicniúil a dtascanna maidir le hobair chuí na Roinne. D'fhéadfaí do chuid eolais phearsanta a chur ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn agus do Chigire na hAnatamaíochta dá n-iarrfaidís a leithéid chun a gcuid dualgas rialacháin a chomhlíonadh.

**Ag Láimseáil do chuid Eolais**

Ba cheart aon athruithe ar do chuid eolais phearsanta a chur in iúl don Roinn. Chuimseodh seo eolas ar nós sonraí teagmhála nua duitse nó do d'fhinné. Cuireann seo ar ár gcumas a chinntiú go bhfuil do chuid eolais phearsanta chomh cruinn agus is féidir.

**An fada a choimeádfaimid do chuid eolais?**

Má chuireann tú do thoiliú ar ceal, bainfimid do chuid sonraí pearsanta ónár gcomhaid seachas d'ainm agus do dháta breithe. Coimeádfar iad seo go deo. Áirítear leis seo eolas pearsanta na bhfinnéithe agus na nDochtúirí Teaghlaigh, srl.

Má thagann tú isteach san Ollscoil mar dheontóir anatamaíochta, coimeádfar do chuid eolais phearsanta go deo. Chomh maith leis sin, coimeádfar go deo eolas pearsanta d'fhinné (agus do Dhochtúra Ghinearálta má tá sin curtha ar fáil).

**Do Chearta**

Tá an ceart agat chun teacht ar an eolas pearsanta ar fad atá á choiméad fút ag an Roinn. Is féidir leat iarratas foirmiúil i scríbhinn a chur chuig an Roinn agus gheobhaidh tú cóip de do chuid taifead. Cuirfear seo ar fáil duit laistigh de thríocha lá tar éis don Roinn an t-iarratas a fháil.

Ta cearta eile agat faoi rialacháin cosanta sonraí maidir le haistriú sonraí go dtí tír eile, an ceart ar choigeartú nó scriosadh, srian ar an bpróiseáil, agóid i bpróiseáil agus inaistritheacht sonraí. Ta an ceart agat leis gearán a dheanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Níl aon cheangal ort aon eolas pearsanta a roinnt linn; ach tabhair faoi deara le do thoil má roghnaíonn tú gan é sin a dhénamh ní bheimid in ann thú a chlárú mar dheontóir anatamaíochta.










**Déan teagmháil linn**

An Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais,
Seomra 2.33 Áras an Gheata Thiar,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh,
Bóthar an Iarthair,
Corcaigh.

| | |
|---|---|
| Guthán (uaireanta oifige): | 021 – 420 5497 |
| Fón Póca (lasmuigh d'uaireanta oifige): | 087 – 0909 481 |

Chun a chur in iúl don Roinn mar gheall ar bhás deontóra laistigh de na huaireanta oifige, déan glaoch gutháin le do thoil.



R-phost: anatomy@ucc.ie
Suíomh Idirlín: www.ucc.ie/en/anatomy/





University College Cork
School of Medicine

Department of Anatomy & Neuroscience
University College Cork